

Polasaí Iompair

Cuireann Coláiste Gharumna an bhéim ar iompar maith a chothú in ionad a bheith ag gearradh pionóis ar dhroch iompar. A bheith béasach, tuisceanach, comhoibritheach leis na páirtithe go léir – lena gcomhghaileinn, mná tí, múinteoirí, údarás an choláiste, an pobal áitiúil, tiománaithe bus agus Cigirí na Roinne Oideachais & Eolaíochta chomh maith leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta. Beidh an príomhoide agus na múinteoirí freagrach as cur i bhfeidhm na beartais seo agus chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Polasaí Iompar

Meas a thaispeáint i gcónaí ar ..

- Údarás an choláiste
- Foireann an choláiste
- Mic léinn an choláiste
- Cuairteoirí chuig an gcoláiste
- A bheith cabhrach le bean an tí agus gan a bheith trioblóideach ar bhealach ar bith sa teach.
- Daoine a chastar orainn agus muid ag gníomhú ar son an choláiste
- Foirgnimh agus trealamh an choláiste.
- Beidh Mic léinn freagrach as aon damáiste a dhéanann siad a shocrú
- Níl sé ceadaithe deochanna meisciúla a thabhairt isteach ná a ól sa gColáiste ná in aon cheann de na tithe lóistín.
- Tá cosc glan ar nithe a chuirfeadh mearbhall ar mheon nó ar intinn an duine.
- Caithfidh gach mac léinn cloí le hamchlár an chúrsa agus freastal ar na himeachtaí ar fad a bheidh eagraithe le linn an chúrsa

Próiseas chun déileáil le mac léinn a sháríonn an Polasaí Iompair

- An Chéad Uair:** Labhraíonn an múintoir leis an mac léinn go neamhfhoirmealta
- An Dara Uair:** Labhraíonn an Príomh Oide leis an mac léinn go neamhfhoirmealta
- An Triú Uair:** Labhraíonn an Príomh Oide go foirmealta leis an mac léinn
- An Ceathrú Uair:** Deanann Coláiste Gharumna teagmháil le teagmhalaí An t-Institiúid ArdOideachais maidir le sárú na rialacha.

Má sháraítear na Rialacha go tromchúiseach beidh sé de cheart ag Coláiste Gharumna mac léinn a dhíbirt as an gColáiste.

Má sheoltar aon mac léinn abhaile ní bheidh aon aisioc le fáil ar na táillí atá íoctha acu.

Achomharc

Má chuirtear an mac léinn ar fionraí tá cead aige nó aice achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig Coláiste Gharumna i dtaca leis an Institiúid ArdOideachais ar a fhreastlaíonn an mac léinn.